

AISTE STAIRE

MUINTIR GOODMAN SA BHAILE BREAC

LE

PÓL Ó DUIBHIR

I RITH AN CHÉID ROIMH CHROMAIL bhí an Baile Breac, i gContae Átha Cliath, i seilbh Mhuintir Goodman. Bíodh is gur Chaitlicigh iad, sladaitheoirí agus creachadóirí den scoth a bhí iontu. Tugadh réimse mór talún dóibh i mBaile na Lochán ar imeall na Páile, ar choinníoll go gcosnóidís é ar threibheanna fiáine Uí Bhriain is Uí Thuathail ó Chontae Chill Mhantáin—is é sin ar na Gaeil arbh é an ceantar seo a n-oidhreacht le míle bliain anuas.¹

Is é Séamus Goodman an chéad ball den chlann seo a bhfuil trácht air, agus is féidir gurb é is túisce den chlann a tháinig go hÉirinn le leas na Sasanach a chur chun cinn. Faoi 1541 bhí post aige mar Shirriam ar Chontae Bhaile Átha Cliath agus ba dhuine mór le rá é dá réir. Is le cosaint na Páile a neartú a tugadh talamh do ropairí dá leithéidí seo, agus dá gcaillfidís a ngabháltas leis na treibheanna, ní rófháilte a chuirfeadh Cathránaigh Bhaile Átha Cliath rompu agus iad fágtha gan chosaint ar bith in aghaidh díoltas na nGael. Bhí Séamus chomh glóir-mhianach sin gur ghlac sé le deontas breis talún i gCaiseal Caoimhín i gContae Chill Mhantáin i lár chríocha na dtreibheanna agus d'éirigh sé as a phost mar Shirriam, le caoinchead an rialtais, chun aire lánaimseartha a thabhairt dá ghabháltas nua.²

De réir na hannála, tugadh pardún dó féin agus dá bhean, Máiréad

Hyke, i 1549. Ní fios cad é an coir a cuireadh ina leith, ach is dócha gurb é an locht is mó a bhí orthu ná gur Chaitlicigh iad.³ Ó aimsir an Athrú Creidimh ar aghaidh, ní raibh an mhuintir chéanna ag rífhlaithreas Shasana as an cóilínigh Chaitliceacha is a bhíodh roimhe sin, go háirithe ós rud é go rabhthas in ainm is a bheith ag iarraidh an tseanchreidimh a chur faoi chois. Ainneoin seo, bhí an Rí ag braith ar na "Sean Sasanaigh", mar a thugtaí ar na cóilínigh Chaitliceacha seo, le smacht a choinneáil ar na treibheanna Gael, leis an mór-chathair a chosaint, agus le hainm an Rí féin a choinneáil in airde chomh mór is ab fhéidir i gcríocha easumhla na hÉireann.

Faid a bhí Séamus i mbun Chaisleal Caoimhín, chuir sé a mhac, Séamus Óg, i mbun chúrsaí sa Bhaile Breac agus sa cheantar maguaird. Talamh curaíochta is mó a bhí ann, mar bhíodh na tréada beithíoch róleochaileach do sciúrdanna na dtreibheanna ag teacht anuas ó na sléibhte dóibh.

I 1552 rinne clann Goodman iar-racht ar sheilbh a ghlacadh ar phátrúntacht Chill na Gráinsí. Bheadh ar a gcumas ansin ministéir na heaglaise seo a roghnú agus thabharfaidís an post d'fhear ná beadh rólaidir i gcoinne an chreidimh Chaitlicigh agus ná scéithfeadh le húdaráis na hEaglaise Protastúnaí go raibh an chlann féin ag dianchleachtadh an tseanchreidimh.

Níor éirigh leis an iarracht seo áfach agus is féidir a bheith cinnte go raibh súil ghéar á choinneáil ar ghníomhaíochtaí creidimh na clainne ón am seo i leith.

I 1566 ghoid Liam Walsh, comharsa le Séamus Óg, luach £4.10s.4d. d'earraí éagsúla ó bhaintreach, Gormle O'Clondowill, Gleann Cuilinn (mar a raibh corcán práis, 26s.4d., dhá ghalún ime, 18d. an ceann, trí chaora, 2s. an ceann, culaith oíche, 10s., dhá ghúna ban, 20s. an ceann, agus fallaing, 5s.). I ndeireadh na dála tháinig foShirriam Átha Cliath suas le Walsh agus nuair a bhí sé á iompar ó Bhri Cualann go Baile Átha Cliath, thug Séamus Óg agus scata cara leis ruathar faoi ar an mór-bhóthar in aice le Seanganach, áit a bhfuil spidéal Bhaile na Lochán an lá atá inniu ann, agus scaoil siad Walsh saor. In áit iad a chur sa charcar, mar a bheifeá ag súil leis, tugadh pardún do Shéamus is dá chairde. Ní fheadar ar chuir athair Shéamuis, a bhí tráth ina Shirriam ar an gcontae, a ladar isteach sa scéal ar chaoinéigin. Cibé scéal é níor chuir an eachtra seo isteach ná amach ar dhul chun cinn ar fhir óig.⁴

Sa bhliain chéanna fuair sé coimisiún le dlí airm a chur i bhfeidhm ó Abha na Life go dtí an tInbhear Mór agus chomh fada le teorainn chríocha Uí Bhriain i gCill Mhantáin.⁵ Chuige seo bhí cumhacht aige gach uile choir a dhéanfaí sa cheantar a fhiosrú, dul sa tóir ar choirp-

igh, ceannaircigh, naimhde agus ainbheartaigh mhíchluíteacha, agus iad a dhaoradh chun báis nó piónós oiriúnach ar bith eile a chur orthu.

Ar ndóigh, ní raibh aon chead an chumhacht seo a chur i bhfeidhm in aghaidh duine ar bith a raibh saorghabháltas 40s., nó earraí de luach £10, aige nó fiú ainm in airde air—ach amháin dá dtiocfaí air le linn na coire nó tar éis triail a chur air. Ba bheag an buntáiste iad na heisceachtaí seo do chosmhuintir na nGael, áfach.

Maraon leis an gcoimisiún seo tugadh treoracha dóibh siúd a bhí len é a chur i bhfeidhm. Ar na pointí ba shuimiúla de na treoracha seo, seachas iad siúd a luadh thuas, bhí:⁶

1. Gairm scoile a chur amach ná beadh cead ag duine ar bith a bheadh díomhaoin nó ina sheachránach a bheith sa cheantar gan cúis chóir. Ní bheadh cead taistil istoíche mura mbeadh duine in éineacht le “fear macánta in éide Shasanach”.

.

6. Ag taisteal dó le piónós a ghearradh ar choirpigh, bheadh cead ag an gCoimisinéir feoil is deoch dó féin is dá chapall a “ghlacadh” ó mhuintir na háite ach “gan dul thar fóir leis”. Ní bheadh cead aige, áfach, fanacht níos mó ná dhá oíche sa cheantar céanna ar eagla go mbeadh sé ag imirt leatroid ar mhuintir na háite.

.

Bheadh ar chonstábla gach uile pharóiste foláireamh a thabhairt don sagart paróiste na treoracha seo a fhoilsiú san eaglais, le go gcuirfeadh na daoine eolas orthu. I 1568 tugadh saoirse ó cháin do Shéamus Óg ach é bheith dlite air arm an Rí a chothú saor in aisce dá mbeadh gá leis seo.⁷ Cúig bliana ina dhiaidh sin, maraon le Barún Bheann Éadair, Talbot de Malahide, An Ridire Liam Sarsfild, An Príomh-Bhreitheamh Plunket srl, fuair Séamus coimisiún le muintir Chontae Bhaile Átha Cliath a

thionól is a chur in eagar catha. Seo leanas an chuid is suimiúla de na treoracha don tionól:⁸

“Tabharfaidh na Coimisinéirí ordú do chonstábla gach uile Bharúntachta sa chontae teacht os a gcomhair ar lá faoi leith, liosta a sholáthar den uile dhuine sa Bharúntacht idir 15 agus 60 bliain d’aois, agus iallach a chur ar na daoine seo ar fad teacht os a gcomhair le cibé uimhir capall, arm, boghanna, saigheadanna, gunnaí agus éide chatha is féidir a bhailiú le seirbhís na Banríona a dhéanamh. Beidh fineáil 20s. ar fhear ábalta ar bith a dhiúltóidh teacht. Beidh ar na Coimisinéirí liosta a dhéanamh ansan de na fir ar fad, idir bhoghdóirí, arquebusiers, píceadóirí, fir capall, agus ceatharna. Beidh orthu idirdhealú sa liosta eatarthu siúd a bhfuil seilbh acu ar chapall, ar chasóg choisí, ar shleá, ar bhogha, ar bhogán saighde, ar phíce, ar ghunna, ar chlaidheamh nó ar chasóg mháille. Tugtar foláireamh do gach duine a bhfuil sé dlite air bheith i seilbh chapall nó máille, nach bhfuil aon chead aige é féin a chur in iúl mar ghiolla nó mar dhuine ar bith eile seachas é féin amháin.”

Ní fios conas mar a d’éirigh le Séamus Óg an Baile Breac a chosaint ar na Gaeil, ach cibé scéal é fuair sé bás in 1575, agus ainneoin gur Chaitliceach é, cuireadh i reilig Chill Iníon Léinín é, bíodh is gur eaglais Phrotastúnach a bhí sa chill seo anois.⁹

Tháinig Risteard, mac le Séamus Óg, i seilbh an Bhaile Bhric ansin, agus caithfidh gur fear cuíosach ciúin síochánta a bhí ann mar níl trácht air siúd ins na hannála ach ar éigean. I 1585 bhí sé in achrann lena chomharsa, Seán Walsh, faoi uacht a athar, Séamus. Ní fios díreach cérbh é ábhar na conspóide seo, ach ós rud é go raibh Biocáire Ginearálta Bhaile Átha Cliath ag plé leis an scéal, is dócha gur bhain sé le talamh Eaglais Chríost i gCill Iníon Léinín a tugadh ar léas do

mhuintir Goodman agus a bhí ar theora thalamh mhuintir Walsh.¹⁰

Fuair Risteard bás i 1589, agus tháinig a dheartháir Liam i seilbh na háite. Cé gur mhair sé siúd i mBaile na Lochán ar feadh 30 bliain, is beag trácht a bhí air, agus ní hé an té is cáiliúla i stair an cheantair é. Is eol dúinn gur shínigh sé gairm dílseachta Chaitlicigh na Páile don Rí Séamus I i 1603. Thairis sin ní heol dúinn faic ina thaobh. Nuair a fuair sé bás i 1622 tháinig a nia i seilbh na háite.¹¹

Séamus ab ainm dó siúd, agus ba é an Goodman deireanach ar fad é. Bhí torthaí an Athrú Creidimh ag goilliúint níos mó ar Chaitlicigh de réir a chéile, agus bhí amhras á chaitheamh ar a gcearta dul i seilbh talún ar chor ar bith. Bhí níos mó muiníne ag Rí Shasana as na cóilínigh nua Phrotastúnacha, agus bhí an dream seo ag bagairt leatroid ar na “Sean Sasanaigh” Caitliceacha. Ainneoin seo agus uile, chloígh muintir Goodman go tréan leis an seanchreideamh, agus tá fhios againn go mbíodh aifreann á rá i dteach Shéamuis Goodman i 1630, gur sholáthraigh sé teach scoile i mBaile na Lochán dá pháistí féin agus do pháistí a chomharsana, agus gur íoc sé múinteoir Caitliceach leis na páistí seo a theagasc ar an sean nós. Tá an t-eolas seo againn ó Maurice Loyd a bhí ina mhinistéir Protastúnach sa cheantar agus a chuir an fhaisnéis seo ar fáil do na húdaráis. Chuir seisean an-suim go deo i ngíomhaíochtaí na gCaitliceach toisc go raibh meath ag teacht ar an tinreamh i gCill Iníon Léinín agus laghdú ar a theacht isteach féin dá réir.¹² Maidir le spaireacht an fhir seo is follas dúinn cén fáth a ndearna clann Goodman iarracht ar phátrúntacht Chill na Gráinsí a bhaint amach geall le céad bliain roimhe sin.

Faoin mbliain 1640, díreach roimh an éirí amach, bhí seilbh ag Séamus ar pharóiste Chill Iníon Léinín ar fad geall leis. Ba leis féin 250 acra (Gaelacha) mar a bhí eastát Baile na

Lochán, agus an Baile Breac san áireamh. Talamh curaíochta le barraí a shaothrú ab ea a leath de seo, agus innilt a bhí sa leath eile. Ar an talamh seo bhí caisleán, bábhun mór, muileann ar a raibh luach £10, úllord agus gairdín, agus foirgnimh arbh fhiú £20 iad. Maraon leis an talamh seo, bhí 60 acra breise aige ar léas ó Dhéan Eaglais Chríost; talamh curaíochta ar fad a bhí sa ghabháltas seo.¹³

Ag tús éirí amach 1641, thaobhaigh Séamus le harm na Comhdhála agus bhain sé coimisiún amach go luath mar mharascal. Ag tús na bliana sin chuir Joseph Smithson, ministéir Protastúnach, ina leith gur ghoid Séamus agus a chairde na nithe seo leanas uaidh: luach £40 d'earraí éagsúla, £50 d'fhéar tirim, £10 de bhannaí, tailte agus gairdín arbh fhiú £5 iad, éanlaith clóis 18s., dleachtanna agus ofráilithe £5. Chuir sé i leith Shéamuis freisin go ndearna sé príosúnach dá bhean chéile ina teach féin, gur bhain sé a náprún di, agus, tar éis dó í a tharraingt as an teach de ribí a cuid gruaige, gur cheangail sé de dhroim a capaill féin í agus a cuid éadaigh ar fad stróicthe di. Ansin thiomáin sé an capall tríd na portaigh faid le

teach Liam Wolverston i Steach Lorgan. D'ordaigh Liam do na ceannaircigh í a chrochadh ach gan é seo a dhéanamh ar a thalamh siúd, agus de réir Smithson, thug siad leo í ar thuras fiche míle, agus í fós ceangailte de dhroim a capaill, agus chroch siad í ar nós barbartha cruálach go bhfuair sí bás, agus a banseirbhíseach ar an dóigh chéanna in éineacht léi.¹⁴

Níl anseo ach sampla beag amháin de ghníomhaíocht Shéamuis i rith an éirí amach. Thuil sé clú agus cáil sa cheantar de bharr a ghníomhartha gaile is gaisce ionas go raibh air teicheadh ó Bhaile na Lochán faoi dheireadh, nuair a chuir arm Shasana campa míleata ar bun ansin.

Chuir Séamus faoi i gcampa ceannairceach i mBrí Cualann. Mar sin féin gabhadh é faoin mbliain 1652, agus cuireadh ina leith gur mharaigh sé tionóntaí dá chuid féin sa champa i mBrí. Tugadh os comhair na hArd-Chúirte i mBaile Átha Cliath é, agus tugadh fianaise gur ghabh na ceannaircigh fear darbh ainm dó Liam Boatson in aice Ráth na Bagóide ar imeall na cathrach agus gur thug siad leo é mar phríosúnach go dtí an campa i mBrí. Bhí

Goodman sa champa nuair a tógadh Boatson isteach agus toisc go raibh nimh san fheoil aige dó, ar chúis nach eol dúinn, dhearbhaigh Goodman ná beadh sos ná suaimhneas aige go gerochfaí Boatson, rud a dhein sé féin ar an láthair ainneoin gur thairg Boatson breab £40 dó ach é a spáráil.¹⁵

I Mí na Nollag 1652 ciontaíodh Séamus Goodman i ndúmharú Boatson agus cuireadh chun báis é.¹⁵

B'shin deireadh le clann Goodman sa Bhaile Breac.

Bhí stair an tsráidbhaile fite fuaite le stair na clainne seo le breis is céad bliain, agus cé gur chóilínigh a bhí iontu, an ruaig curtha acu ar thaoisigh na nGael ón gceantar agus nósanna na nGall á gcrabhscaoilte acu, Caitlicigh ab ea iad, agus choinnigh siad an creideamh beo sa cheantar ainneoin anachana agus géarleanúna i rith an chéid tábhachtaigh sin a lean an tAthrú Creidimh. Is de thoradh a gcuid iarrachtaí siúd go raibh thart ar 85% de mhuintir an cheantair fós ina gCaitlicigh nuair a tógadh daonáireamh Sir William Petty i 1659.¹⁶●

Nótaí

1. *History of County Dublin*. F. E. Ball (Baile Átha Cliath. 1920), lgh. 87-89. "Loughlinstown and its History". F. E. Ball. *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*. 1901. lgh. 68-72.
2. Fiat Uimh. 9 de Edward VI (Aguisín le Eighth Report of the Deputy Keeper of the Public Records in Ireland).
3. Fiat Uimh. 266 de Edward VI.

4. Fiat Uimh. 856 de Eilís I (Aguisín le Eleventh Report of the Deputy Keeper of the Public Records in Ireland).
5. Fiant Uimh. 218, 999, de Eilís I.
6. Fiat Uimh. 1196 de Eilís I.
7. Fiat Uimh. 1284 de Eilís I.
8. Fiat Uimh. 2444 de Eilís I.
9. Ball (1920), lch. 89.
10. Fiat Uimh. 4820 de Eilís I.
11. Ball (1920), lch. 89.
12. "The Diocese of Dublin in the year

- 1630". *Irish Ecclesiastical Record*. Imleabhar V, lgh. 160-61.
13. *The Civil Survey 1654*. Imleabhar VIII, Co. Átha Cliath. (Oifig an tSoláthair, 1945), lgh. 269-70.
14. *Ireland in the Seventeenth Century, or, The Irish Massacres of 1641-42*. (Londain: 1884), Imleabhar II, lgh. 26-27.
15. Hickson. op. cit., lch. 232.
16. *Census of 1659*. Sir William Petty (?). (Oifig an tSoláthair, 1936).

FÁGA ar leanúint ó leathanach 6 FÁGA FÁGA

AR MO BHEALACH go dtí m'áras féin atá mé, dúradh liom le cinnteacht go bhfuil a leithéid ann ag fanacht liom. Ach is fada an bealach é. Agus níl mé ag fáil aon scéala imeacht. Sílim gurab é an beart is fearr dom a dhéanamh anois ná an geimhreadh seo a chaitheamh san oileán . . . nach bhfuil mé ar mo shuaimhneas ann . . . is gach uile dheis agam gach uile rud a bheith curtha i gcóir agam . . . nach bhfuil a fhios agam go maith go mbeidh áras agam dom féin uair éigin ach an fhoighid. Caithfidh mé an geimhreadh anseo ar aon chaoi. Agus b'fhéidir nuair a thiocfas an t-earrach is nuair a thosós an bhliain ag dúiseacht . . . is mura mbeidh aon scéal eile cloiste agam faoi sin . . . Go n-ardóinn féin mo sheolta is go mbogfainn amach ar fharrage mhór an tsaoil.

SIN É an rud a dhéanfas mé cinnte.●